Táimid anseo inniu ar an ócáid stairiúil seo chun fáilte a chur roimh Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelenskyy, chuig Parlaimint na hEorpa.

Ócáid urghnách i dtréimhse urghnách sa stair. Tá nach mór bliain imithe tharainn ó d'ionsaigh an Rúis críoch cheannasach na hÚcráine go brúidiúil agus go neamhdhleathach.

Le linn an ama sin, bhí do cheannaireacht, a Uachtaráin, ina hinspioráid do phobal do thíre agus do mhuintir uile an domhain. Is ar Dháiví agus Góiliat a smaoiníonn an domhan nuair a smaoiníonn siad oraibhse. Smaoiníonn siad ar laochra Oileán na Nathrach, laochra Mariupol, fuascailteoirí na múrtha bailte agus sráidbhailte. Mairfidh a gcuimhne mar laochra ar feadh na nglúnta.

D'ainneoin na mbuamaí a steallann oraibh gach lá, éiríonn libh grán a sholáthar do phobal ocrach an domhain. Fiú nuair a bhuail crith talún tubaisteach Türkiye agus an tSiria, chuir sibh foireann tarrthála, trealamh agus saineolas ar fáil. Sin fíorléiriú ar an dlúthpháirtíocht.

Is ábhar mórtais dom é a rá gur sheas an Teach seo i gcónaí libh - Teach an Daonlathais Eorpaigh, a chomhaltaí, ár nAontas Eorpach.

Is maith a thuigimid nach ar son bhur luachanna amháin atá sibh ag troid, ach ar son ár luachanna chomh maith. Ar son na n-idéal a thugann le chéile muid mar dheartháireacha agus deirfiúracha. Ar son na n-idéal Eorpach.

Mar gurb í an Úcráin an Eoraip agus go bhfuil todhchaí bhur náisiúin san Aontas Eorpach.

Is maith a thuigimid an íobairt a rinne sibh ar son na hEorpa agus ní mór dúinn an íobairt sin a chúiteamh ní hamháin i mbriathar ach le gníomhartha:

Leis an toil pholaitiúil chun trádáil níos éasca a áirithiú agus leis an bpróiseas aontachais is tapúla agus is féidir. Le cistí do phobal na hÚcráine, chun cuidiú lena hatógáil, le traenáil do bhur saighdiúirí. Le trealamh míleata agus córais chosanta a mbeidh gá leo chun an bua a bheith agaibh. Agus anois, ní foláir do

na Ballstáit cinntí a dhéanamh, go tapa, maidir leis an gcéad chéim eile - córais fadraoin agus scairdeitleáin a sholáthar a mbeidh gá agaibh leo chun bhur saoirse a chosaint - saoirse a ndearna ár bhformhór talamh slán de go n-uige seo.

Ní foláir dár bhfreagairt a bheith comhréireach leis an mbagairt - agus is bagairt eiseach í.
Ritheann scéal liom a d'inis mo sheantuismitheoirí dom agus mé ag fás aníos. Scéal faoi na trí eitleán trodaíochta dheireanacha a bhí ag mo thír. Nuair a bhíomar ar an dé deiridh, gan armlón, gan bhia, gan dóchas ní raibh fanta ach trí eitleán a raibh droch-chaoi orthu. Ainmníodh na heitleáin sin as a rabhamar ag troid ar a shon - creideamh, dóchas agus carthanacht. A bhuíochas leis na heitleáin trodaíochta sin, bronnadh lá amháin breise saoirse orainn. Dóthain ama chun go dtiocfaí i gcabhair orainn. B'ionann sin agus síocháin.

Ní gá a chur ina luí orainne anseo inniu cé chomh riachtanach is atá an tacaíocht sin don Úcráin. Chun tacú leosan atá ag fáil bháis ar ár son. Chun beart a dhéanamh de réir ár mbriathair maidir lenár luachanna. Chun an bua agus fíorshíocháin a áirithiú - bunaithe ar do phlean 10 bpointe, chun iad siúd a rinne coireanna cogaidh a thabhairt chun cuntais agus chun saoirse mhuintir na hÚcráine a chosaint.

Agus athdhearbhaím an gealltanas a thug mé daoibh i gCív nuair a chasamar ar a chéile i mí Aibreáin seo caite: seasaimid libh. Sheasamar libh ón tús, seasaimid libh inniu, agus seasfaimid libh chomh fada agus a thógfaidh sé.

Beidh an lámh in uachtar ag an tsaoirse. Beidh forlámhas ag an tsíocháin. Beidh an bua agaibh.

Slava Ukraini.